31504

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

# GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I

(170 marc)

DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 4.00

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)
**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.

## CEIST 1 - CEAPADÓIREACHT - [100 marc]

Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos.
**[N.B. Ní gá dul thar 500-600 focal nó mar sin i gcás ar bith.]**

### A - AISTE - (100 marc)

**Aiste** a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo.

*(a)* Polaiteoirí na linne seo – ceap magaidh is ea iad.
*(b)* Cearta an Duine – níl tír ar domhan nach sáraíonn iad.
*(c)* An ríomhaire – an bhfuil dia bréige déanta de ?

### B - SCÉAL - (100 marc)

**Scéal** a cheapadh a mbeadh do rogha **ceann amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

*(a)* An té a bhíonn thíos buailtear cos air !
*(b)* Cumha.

### C - ALT NUACHTÁIN/IRISE - (100 marc)

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo.

*(a)* Bhí fógra sa nuachtán *Lá* ag iarraidh ar dhaltaí Ardteistiméireachta ailt a scríobh ar an ábhar "Teifigh in Éirinn – ba cheart fáilte a chur rompu". Scríobh an t-**alt** a chuirfeá féin chuig an eagarthóir ar an ábhar sin.

*(b)* Chuir tú agallamh ar thriúr iarscoláirí de chuid do scoile féin féachaint cén cineál saoil a bhí acu ó d'fhág siad an scoil trí bliana ó shin. Scríobh **alt** d'iris na scoile a bheidh bunaithe ar an agallamh sin.

### D - DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID - (100 marc)

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo.

*(a)* Scríobh an **chaint** a dhéanfá, i ndíospóireacht scoile, ar son **nó** in aghaidh an rúin seo a leanas:
*"Ba chóir deireadh a chur le córas na bpointí".*

*(b)* Is tusa an cathaoirleach ar chumann carthanachta éigin. Tá ort píosa cainte a thabhairt ag ócáid oifigiúil ar an téama "*An Tíogar Ceilteach – is beag an mhaith é do bhochtáin na tíre seo*". Scríobh an **píosa cainte** a thabharfá ar an ócáid sin.

THALL →

**CEIST 2** **- LÉAMHTHUISCINT -** **[70 marc]**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A - (35 mharc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat*].

# ÚDAR MISNIGH?

Bhí **John Hume** i mbun oibre i nDoire ag seoladh plean eacnamaíochta don chathair agus **David Trimble** ag filleadh abhaile ó thuras geilleagrach i Meiriceá nuair a fógraíodh in Oslo gurb iad a bhuaigh Duais **Nobel** na síochána i 1998. Luach saothair a bhí ann do **John Hume** agus dá bhean, **Pat**, as ucht na hoibre éachtaí a rinne siad le tríocha bliain anuas. Údar mór gairdis ab ea é dá lucht leanúna agus bhí sceitimíní áthais ar mhuintir Dhoire agus ar Náisiúnaithe an Tuaiscirt. Ní raibh na hAontachtaithe chomh glórach céanna ach ba mhór an t-údar misnigh an gradam do chairde **David Trimble** mar go neartódh sé é in éadan a naimhde, dar leo.

Bhí ceiliúradh speisialta ar siúl i gColáiste Cholmcille i nDoire, alma mater **John Hume** agus **Seamus Heaney** a bhuaigh Duais **Nobel** na Litríochta i 1995. Is beag coláiste in aon áit a bheadh ábalta a mhaíomh gur oil sé beirt a bhuaigh duais **Nobel** i bhfoisceacht cúpla bliain dá chéile – duine as ucht a chuid oibre don tsíocháin agus duine as filíocht. I 1976, bhuaigh beirt Thuaisceartach eile gradam síochána **Nobel**. Ba iadsan **Mairéad Corrigan** agus **Betty Williams** ó Ghluaiseacht na Síochána.

Chinn an Coiste **Nobel** gur thuill **Hume** agus **Trimble** an duais as ucht a gcuid oibre ar mhaithe le deireadh a chur leis an gcoinbhleacht. Luadh ceannródaíocht **Hume** ina chuid cainteanna le **Gerry Adams** chun sos comhraic buan an IRA a chur sa tsiúl. Smaoinítear, ámh, ar an drochíde a tugadh do **Hume** nuair a chuaigh sé chun cainte le **hAdams** i dtús ama. Maslaíodh é agus gortaíodh é ach threisigh sé ar a chuid iarrachtaí. Bhí Sinn Féin ríméadach as ucht ainmniú **John Hume** ach doicheallach go maith faoi **David Trimble** mar go bhfuil siad in amhras faoina dhea-thoil. Ní déarfadh **John Hume** dada go poiblí faoin sásamh pearsanta a bhain sé as an ngradam ach a rá gur onóir do gach éinne a bhí gníomhach sa phróiseas síochána a bhí ann.

Ba í breith na coitiantachta go rachadh an gradam chun tairbhe don pholaitíocht. Bhí ceannaire an SDLP an-tomhaiste ina chuid cainte faoi. Ba mhór an onóir dó é ach ba é an t-aitheantas agus an t-uchtach don phróiseas polaitiúil an ní ba thábhachtaí, ar seisean. Dúirt Coiste **Nobel** go raibh súil acu go gcuideodh a gcinneadh leis an bpróiseas. Bhí an Taoiseach, **Bertie Ahern**, den tuairim chéanna. Rinne sé comhghairdeas leis an mbeirt bhuaiteoirí ach thagair sé go speisialta don ardmheas atá ag an bpobal uilig ar **John Hume**.





Le blianta beaga anuas thug Coiste **Nobel** aitheantas do phróiseas na síochána san Afraic Theas, nuair a bhronnadar an gradam ar **Nelson Mandela** agus ar **FW de Klerk** i '93. Rinne siad iarracht i '94 freisin, tacaíocht a thabhairt don phróiseas sa Mheán Oirthear leis an ngradam a thabhairt do **Yasser Arafat**, **Yitzhak Rabin** agus **Shimon Peres**. Tá an tacaíocht chéanna léirithe arís i 1998. Ach tá fainic ag baint le fógairt an ghradaim do **Hume** agus do **Trimble** mar fógraíodh é an lá céanna a raibh iarracht eile á déanamh cainteanna idir **Arafat** na Palaistíne agus **Netanyahu** Iosrael a chur ar bun. Meabhraíonn an comhtharlú seo dúinn nach bhfuil cúrsaí polaitíochta sa Tuaisceart slán sábháilte fós.

Ainneoin seo, is maith an oidhe ar **Hume** agus ar **Trimble** a ngradam. Faoi mar a dúirt an Seanadóir **George Mitchell** fúthu, "marach **John Hume** ní bheadh aon phróiseas síochána ann, marach **David Trimble** ní bheadh aon chomhaontú síochána ann".

(As alt i *Foinse* le **Póilín Ní Chiaráin**)

(i) *(a)* Cad a bhí ar siúl ag John Hume nuair a fógraíodh na comhbhuaiteoirí don Duais Nobel in Oslo i 1998? (3 mharc)

*(b)* Cén fáth a raibh cairde David Trimble sásta gur bronnadh an duais seo ar Trimble? (3 mharc)

(ii) *(a)* Cén chúis mhaíte atá ag an gColáiste a luaitear sa *dara halt*? (4 mharc)

*(b)* Luaigh pointe **amháin** eolais atá luaite san *alt céanna* faoi Seamus Heaney. (3 mharc)

(iii) *(a)* Luaitear "ceannródaíocht Hume" sa *tríú halt*. Cad atá i gceist leis seo? (5 mharc)

*(b)* Luaitear san *alt céanna* go raibh Sinn Féin "doicheallach go maith" faoi David Trimble. Cén fáth a raibh Sinn Féin doicheallach faoi? (3 mharc)

(iv) "Bhí an Taoiseach, Bertie Ahern, den tuairim chéanna." Cad atá i gceist san abairt sin as an *gceathrú halt*? (6 mharc)

(v) *(a)* Cén chosúlacht, de réir an *cúigiú halt*, atá idir bronnadh na duaise i 1998 agus an bronnadh a rinne Coiste Nobel le blianta beaga anuas? (4 mharc)

*(b)* Cén fáth a ndeir an scríbhneoir go bhfuil "fainic ag baint le fógairt an ghradaim do Hume agus do Trimble"? (4 mharc)

**B - (35 mharc)**


Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat*].

# SCRIOS AN LUSITANIA

Níl teora lena bhfuil scríofa faoin scannán *Titanic* le bliain anuas. Tionscadal rathúil eile de chuid Hollywood a rinneadh as scéal iomráiteach an **Titanic.** Ach d'fhéadfadh an scéal a bhaineann leis an **Lusitania** a bheith níos iomráití fós. Nuair a cuireadh an long seo go tóin poill 84 bliain ó shin, seacht lá tar éis di Nua-Eabhrac a fhágáil ar a bealach go Learpholl, ní raibh ceapadh ar bith ag an 2,000 duine ar bord gur i bhfarraigí na hÉireann a bheadh leaba a mbáis ag a bhformhór. Bhain gné shuntasach le scrios an **Lusitania** nár bhain leis an **Titanic**, ámh. Níor thimpiste mhí-adhúil faoi deara an tubaiste ach gníomh réamhbheartaithe gránna an duine den sórt a tharlaíonn go minic le linn cogaíochta.

Tráthnóna álainn samhraidh a bhí ann an lá sin, an 7ú lá de Bhealtaine, 1915. Bhí an **Lusitania** ag treabhadh léi laisteas de Chionn tSáile. Ar deic na loinge a bhí tromlach na bpaisinéirí neamhamhrasacha agus aoibhneas á bhaint acu as leoithne ghaoithe agus as radharc a fháil ar chósta iathghlas na hÉireann. Go tobann, gan fógra gan foláireamh, phléasc toirpéad díreach faoi dhroichead na loinge. Ar nós feallmharfóra ar bith scaoil fomhuireán Gearmánach a urchar tubaisteach chun bealaigh gur réab sé taobh a íobartaigh neamhairdiúil. Rinne an Captaen Turner tréaniarracht an **Lusitania** a stiúradh i dtreo an chósta ach ba ghearr gur tuigeadh dó go raibh an long imithe ó smacht air. Ní raibh sé in acmhainn í a stopadh ag gluaiseacht ach oiread chun na báid tharrthála a sheoladh go sábháilte.

Ag gol go faíoch a bhí mná agus páistí agus iad ag bordáil na mbád tarrthála. Bhí na fir á bhfágáil ina ndiaidh acu ar léir óna n-éadan go raibh an drochuair tagtha. Barr ar an mí-ádh, d'iompaigh cuid mhór de na báid tharrthála béal fúthu nuair a theagmhaigh siad leis an sáile mar níorbh fhéidir an long a stopadh ó ghluaiseacht. Taobh istigh de 18 nóiméad tháinig an bás agus an léan de bharr ghníomh an U-bháid. Báthadh 1195 duine agus tháinig 764 slán. Go **Cóbh, "Queenstown"** mar a ghlaoití air ag an am, a tugadh formhór na gcorpán, áit ar cartadh olluaigh atá fós le feiceáil ann. Ba léanmhar an radharc é sraitheanna de choirp, gasúir agus leanaí ina measc, a fheiceáil agus iad sínte os cionn cláir sna marbhlanna. Tógadh leacht cuimhneacháin simplí ann i gcuimhne ar mhóreachtra millteanach.



Bhí an Cogadh Mór ar siúl agus bhain gach aon taobh a chasadh féin as an tubaiste…an Bhreatain ag maíomh nach raibh ach paisinéirí ar bord, an Ghearmáin ag áitiú go raibh airm ar bord chomh maith. Ón taighde atá déanta ó shin, tá sé tagtha chun solais go raibh 173 tonna d'armlón ar bord an **Lusitania**, 4000,000 piléar raidhfil agus 5,000 sliogán pléascach san áireamh. Rinneadh cáineadh láidir ar an nGearmáin faoinar tharla ach mheas na Gearmánaigh dá dtabharfaí an t-armlón sin i dtír go marófaí na mílte dá gcuid saighdiúirí. Ní raibh an dara rogha ag na Gearmánaigh mar gurbh iad féin a bheadh thíos leis, dar leo.

Tá sé spéisiúil gur cheil an Bhreatain gach eolas a bhain leis an **Lusitania**. Creidtear gur baineadh mí-úsáid as na paisinéirí bochta aineolacha mar chumhdach. Tuairiscítear go bhfuair an Aimiréalacht i Londain tuairiscí faoi ghníomhaíocht na nU-bhád agus go bhféadfaidís an t-eolas sin a roinnt leis an **Lusitania** le go seachnódh sí an chontúirt. Ní dhearnadh sin. Creidtear freisin go raibh plean ag na Briotanaigh an long a chur sa chontúirt le Stáit Aontaithe Mheiriceá a tharraingt isteach sa chogadh. Báitheadh 128 saoránach de chuid na Stát Aontaithe agus gairid ina dhiaidh sin baineadh leas as scrios an **Lusitania** mar chúis le go dtaobhódh Meiriceá leis na Comhghuaillithe.

(as alt san *Irish Times*)

(i) *(a)* Cén turas a bhí á dhéanamh ag an Lusitania nuair a cuireadh go grinneall í ? (3 mharc)

*(b)* Cén "ghné shuntasach" a bhain le scrios an Lusitania nár bhain leis an Titanic? (3 mharc)

(ii) *(a)* Sa *dara halt* cuirtear an fomhuireán Gearmánach i gcomparáid le "feallmharfóir". Cén fáth? (4 mharc)

*(b)* Luaigh deacracht amháin a bhí ag an gCaptaen Turner leis an Lusitania tar éis na pléisce a luaitear san *alt céanna.* (3 mharc)

(iii) *(a)* Luaitear sa *tríú halt* gur iompaigh cuid mhór de na báid tharrthála. Cén fáth ar iompaigh siad? (3 mharc)

*(b)* Breac síos **dhá** phointe eolais faoin gCóbh atá rianaithe san *alt céanna.* (4 mharc)

(iv) "Ní raibh an dara rogha ag na Gearmánaigh mar gurbh iad féin a bheadh thíos leis, dar leo." Cad atá i gceist san abairt sin as an *gceathrú halt*? (8 marc)

(v) *(a)* Cén t-eolas a cheil an Bhreatain ar an Lusitania a luaitear san *alt deireanach*? (4 mharc)

*(b)* Cén "leas" a baineadh as scrios an Lusitania? (3 mharc)